

GAELSCOIL EOGHAIN UÍ THUAIRISC
POLAISE IONTRÁLA NA NAÍONÁN SHÓISEARACH.

1. Is bunscoil lán-Ghaeilge mheascaithe í Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc. Cuirtear oideachas lánghaeilge ar fáil do dhaltaí na scoile in atmasféar taitneamhach, cairdiúil, dearfa.
2. Tá an scoil faoi phatrúnacht Easpag Chaitliceach na Deoise Chill Dara agus Leithghlinne. Tá etós na scoile bunaithe ar theagasc na hEaglaise Caitlicí.
3. Tá sé mar aidhm ag an scoil gach páiste a thabhairt chun foirfeachta i ngach gné dá shaol – sóisialta, fisiciúil agus oideachasúil san áireamh.
4. Tá clárú daltaí i nGaelscoil Eoghain Uí Thuairisc bunaithe ar chomhionannas rochtana (equality of access). Ní dhiúltaítear páiste de bharr cine, riachtanais oideachas speisialta, máchaille, teangan, inscne, luachanna creidimh, cuinsí clainne, cúlra nó aicme sóisialta.
5. Cinntíonn Bord Bainistíochta na scoile uasmhéid líon na ndaltaí i ngach rangsheomra ag tabhairt san áireamh moltaí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta agus ag tógaint cúrsaí cóiríochta na scoile san áireamh chomh maith.
6. Glactar le trí rang i Naíonaín Shóisearacha gach bliain, le huasmhéid 20 páiste sa rang.
7. I gcás go mbeidh níos mó iarratais ná mar atá d'áiteanna ar fáil i ranganna na Naíonán Shóisearach, tabharfar tosaíocht sa scoil mar seo:
 - Deartháireacha/Deirfiúracha daltaí atá sa scoil cheana féin go mbeidh ceithre bliana slánaithe acu roimh dheireadh Mhí na Márta roimh dóibh tosú ar scoil.
 - Páistí fhoireann bhuan na scoile go mbeidh ceithre bliana slánaithe acu roimh dheireadh Mhí na Márta roimh thosú ar scoil dóibh.
 - Páistí ó chlainn nua de réir an dáta ar chláraigh siad, go mbeidh ceithre bliana slánaithe acu roimh dheireadh Mhí na Márta roimh thosú ar scoil dóibh.

Tá sé de cheart ag an mBord Bainistíochta cás/anna eisceachtúla a chur san áireamh má iarrtar orthu a leithéid a dhéanamh.

8. Tuismitheoirí a dteastaíonn uatha páistí a chlárú i nGaelscoil Eoghain Uí Thuairisc, ní mór dóibh foirm iarratais atá ar fáil ó Oifig na Scoile a líonadh isteach agus a sheoladh ar ais chun na scoile. Coiméadfaidh an scoil an bhunchóip seo agus seolfar cóip dhátaithe ar ais chuig na tuistí dá gcúntaisí féin.
9. Cuirfear scéal chuig tuismitheoirí i rith théarma an fhomhair ag iarraidh orthu gach iarratas a chinnitiú, a chealú nó a chur siar de réir mar a oireann dóibh.
10. Ní bheidh aon bhuntáiste bhreise ann do phaistí a gcuirfear a n-ainmneacha siar ar feadh bliana. Má roghnaíonn an tuismitheoir caomhnóir ainm an pháiste a chun siar go liosta Réamh Clárúchain scoilbhliana eile, beidh na coinníollacha céanna ag baint leis an bpáiste sin agus a bheadh le páistí eile a bhí ar an liosta cheana féin, sé sin, ní thabharfar tús áite do pháiste a gcuirtear a ainm siar go Liosta Réamh Clárúcháin scoilbhliana eile.
11. Cuirfear scéal ar ais chuig gach tuismitheoir roimh Nollaig ag tairiscint áite dóibh nó á gcur ar an liosta feithimh.
12. Beidh deireadh leis an liosta feithimh nuair atá deich lá scoile sa scoilbhliain nua thart.
13. Tá sé de cheart ag tuismitheoirí/caomhnóirí achomharc a dhéanamh muna bhfuil said sásta le cinneadh na scoile – cás a dhéanamh le Bord Bainistíochta na scoile nó achomharc a dhéanamh leis an Roinn Oideachais is Eolaíochta (Rannóg 29)
14. Cuirfear oíche eolais ar fáil do thuismitheoirí nua roimh dheireadh Mhí an Mheithimh.
15. Tabharfar gach cabhair agus tacaíocht gur féidir do pháistí le riachtanais oideachais speisialta.
16. Ní mór do dhaltáí uile na scoile comhoibriú agus tacú le polasaithe, rialacha agus córas smachta na scoile.
17. Tá an polaise iontrála seo curtha le chéile faoi mholtaí an Acht Oideachais, Rialacha do Bhunscoileana Náisiúnta agus ag teacht le hEtós na scoile.
18. Is féidir cur leis an bpolaise seo ó am go chéile nó é a athrú de réir mar is gá.

